



An Bhruiséal, 3 Iúil 2024
(OR. en)

10567/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0373(COD)

CODEC 1398
ENV 572
MI 557
IND 291
CONSOM 202
COMPET 605
MARE 11
PECHE 210
RECH 261
SAN 311
ENT 104
ECOFIN 622
PE 147

NÓTA FAISNÉISE

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Ábhar: Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS
ÓN gCOMHAIRLE maidir le cailteanas millíní plaisteacha a chosc chun
truailliú micreaphlaisteach a laghdú
- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa
(Strasbourg, an 22 go dtí an 25 Aibreán 2024)

I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, João ALBUQUERQUE (S&D, PT), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) ina raibh 94 leasú (leasuithe 1 go 94) ar an togra.

Ina theannta sin, thíolaic grúpa PPE leasú amháin (leasú 95), thíolaic an grúpa *The Left* leasú amháin (leasú 96) agus thíolaic an grúpa ID leasú amháin (leasú 97).

II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil sé an 23 Aibreán 2024, ghlac seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa leasuithe 1 go 94 ar an togra le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

P9_TA(2024)0307

Cailteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cailteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú (COM(2023)0645 – C9-0378/2023 – 2023/0373(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0645),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0378/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Teach na dTeachtaí san Iodáil, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Feabhra 2024¹,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 18 Aibreán 2024²,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0148/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

² Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Tá micreaphlaistigh ina substaint uileláithreach dianseasmhach trasteorann. Déanann siad díobháil don chomhshaol agus d'fhéadfaidís díobháil a dhéanamh do shláinte an duine. Iompraítear micreaphlaistigh go héasca tríd an aer agus in uiscí dromchla talún agus sruthanna aigéin, agus is toisc ghéaraitheach í a soghluaisteacht. Faightear san ithir iad (lena n-áirítear tailte talmhaíochta) agus i lochanna, in aibhneacha, in inbhir, ar thránna, i murlaigh, i bhfarraigí, in aigéin agus i réigiúin iargúlta a bhíodh gan mhilleadh tráth, agus de dheasca iad a bheith san ithir d'fhéadfadh éifeachtaí a bheith aige sin ar airíonna ithreach agus d'fhéadfadh sé athruithe ar an ithir a spreagadh a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar fhás roinnt plandaí. Tá doiciméadú forleathan déanta ar thionchair micreaphlaisteach ar an muirthimpeallacht. Tar éis dóibh dul isteach sa mhuirthimpeallacht, tá sé beagnach dodhéanta micreaphlaistigh a bhailiú, agus is eol go n-itheann raon orgánach agus ainmhithe iad agus go ndéanann siad díobháil don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais. Féadfar marthanacht millíní plaisteacha sa timpeallacht uisceach a thomhas i gcaitheamh scór éigin bliain nó tréimhse is faide, agus má dhéanann fiadhúlra muirí, go háirithe éin mhara agus turtair mhara, millíní plaisteacha a ionghabháil, d'fhéadfaidís díobháil fhisiceach a dhéanamh dóibh nó a bheith ina gcúis bháis. Cuireann micreaphlaistigh leis an athrú aeráide freisin mar fhoinsé bhreise astaíochtaí gás ceaptha teasa agus brú ar éiceachórais araon. Is cuid dhílis den fhadhb é go bhféadfadh micreaphlaistigh

Leasú

(1) Tá micreaphlaistigh ina substaint uileláithreach dianseasmhach trasteorann. Déanann siad díobháil don chomhshaol agus do shláinte an duine, **go háirithe de bharr breiseáin dhíobhálacha cheimiceacha agus substaintí eile a bheith ann, ar údar inní iad agus a chuirtear isteach le linn an táirgthe agus an tiontaithe, amhail talaití, bisfeanól A, nó lasairmhoillithigh^{1a}**. Iompraítear micreaphlaistigh go héasca tríd an aer agus in uiscí dromchla talún agus sruthanna aigéin, agus is toisc ghéaraitheach í a soghluaisteacht. Faightear san ithir iad (lena n-áirítear tailte talmhaíochta) agus i lochanna, in aibhneacha, in inbhir, ar thránna, i murlaigh, i bhfarraigí, in aigéin agus i réigiúin iargúlta a bhíodh gan mhilleadh tráth, agus de dheasca iad a bheith san ithir bíonn éifeachtaí aige sin ar airíonna ithreach agus spreagann sé athruithe ar an ithir, rud a bhfuil tionchar diúltach aige ar fhás roinnt plandaí. Tá doiciméadú forleathan déanta ar thionchair micreaphlaisteach ar an muirthimpeallacht. Tar éis dóibh dul isteach sa mhuirthimpeallacht, tá sé beagnach dodhéanta micreaphlaistigh a bhailiú, agus is eol go n-itheann raon orgánach agus ainmhithe iad agus go ndéanann siad díobháil don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais. Féadfar marthanacht millíní plaisteacha sa timpeallacht uisceach a thomhas i gcaitheamh scór éigin bliain nó tréimhse is faide, agus má dhéanann fiadhúlra muirí, go háirithe éin mhara agus turtair mhara, millíní plaisteacha a ionghabháil, d'fhéadfaidís díobháil fhisiceach a dhéanamh dóibh nó a bheith ina gcúis bháis. Cuireann micreaphlaistigh

feidhmiú mar iompróir substaintí tocsaineacha asúite nó miocroorgánach pataigineach. Nochtar daoine ar mhicreaphlaistigh tríd an aer agus trí thomhaltas bia. An fheasacht mhéadaithe faoi mhicreaphlaistigh a bheith sa slabhra bia, d'fhéadfadh sí dochar a dhéanamh do mhúinín tomhaltóirí agus d'fhéadfadh iarmhairtí eacnamaíocha a bheith léi. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair eacnamaíocha dhiúltacha ar ghníomhaíochtaí amhail an iascaireacht tráchtála agus an talmhaíocht chomh maith leis an áineas agus an turasóireacht i limistéir a ndéanann na scaoilí difear dóibh.

leis an athrú aeráide freisin mar fhoinse bhreise astaíochtaí gás ceaptha teasa agus brú ar éiceachórais araon. Is cuid dhílis den fhadhb é go bhféadfadh micreaphlaistigh feidhmiú mar iompróir substaintí tocsaineacha asúite nó miocroorgánach pataigineach. Nochtar daoine ar mhicreaphlaistigh tríd an aer agus trí thomhaltas bia. An fheasacht mhéadaithe faoi mhicreaphlaistigh a bheith sa slabhra bia, d'fhéadfadh sí dochar a dhéanamh do mhúinín tomhaltóirí agus d'fhéadfadh iarmhairtí eacnamaíocha a bheith léi. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair eacnamaíocha dhiúltacha ar ghníomhaíochtaí amhail an iascaireacht tráchtála agus an talmhaíocht chomh maith leis an áineas agus an turasóireacht i limistéir a ndéanann na scaoilí difear dóibh.

1^a 'Plastic giants polluting through the back door: The case for a regulatory supply-chain approach to pellet pollution' [Fathaigh phlaisteacha a dhéanann truailliú ar chúla téarmaí: An cás le haghaidh cur chuige rialála slabhra soláthair i leith truailliú millíní], Surfrider Foundation Europe agus Rethink Plastic, Samhain 2020.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Tá inní léirithe sa chuid is mó den domhan maidir le tionchair an truaillithe mhicreaphlaistigh ar an gcomhshaol agus b'fhéidir ar shláinte an duine. Tá bearta tiomnaithe glactha nó beartaithe ag roinnt Ballstát. Mar sin féin, d'fhéadfadh meascán de shrianta náisiúnta bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Leasú

(4) Tá inní léirithe sa chuid is mó den domhan maidir le tionchair an truaillithe mhicreaphlaistigh ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. Tá bearta tiomnaithe glactha nó beartaithe ag roinnt Ballstát. Mar sin féin, d'fhéadfadh meascán de shrianta náisiúnta bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) In 2021 ghlac na páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR) Moladh neamhcheangailteach 2021/06⁸ chun cailleadh na millíní plaisteacha sa mhuirthimpeallacht a laghdú trí fhorbairt agus cur chun feidhme caighdeán éifeachtach comhsheasmhach um chaillteanas millíní a chosc agus scéimeanna deimhniúcháin le haghaidh an tslabhra soláthair plaistigh ar fad. Tá bearta á scrúdú ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun an riosca atá bainteach le muiriompar na millíní plaisteacha a íoslaghdú.

⁸ Moladh OSPAR 2021/06 maidir le cailiteanas millíní plaisteacha sa mhuirthimpeallacht a laghdú

Leasú

(7) In 2021 ghlac na páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR) Moladh neamhcheangailteach 2021/06⁸ chun cailleadh na millíní plaisteacha sa mhuirthimpeallacht a laghdú trí fhorbairt agus cur chun feidhme caighdeán éifeachtach comhsheasmhach um chaillteanas millíní a chosc agus scéimeanna deimhniúcháin le haghaidh an tslabhra soláthair plaistigh ar fad. Tá bearta á scrúdú ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun an riosca atá bainteach le muiriompar na millíní plaisteacha a íoslaghdú ***i bhfianaise an riosca shuntasaigh maidir le truailliú tubaisteach a bhaineann le muiriompar na millíní plaisteacha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas súil ghéar a choinneáil ar fhorbairtí ag IMO, agus ról ceannasach a bheith aige maidir le hardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú ar an tsaincheist sin.***

⁸ Moladh OSPAR 2021/06 maidir le cailiteanas millíní plaisteacha sa mhuirthimpeallacht a laghdú

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(7a) Cláraíodh roinnt tionóiscí a raibh doirteadh agus cailteanais millíní plaisteacha mar thoradh orthu san Aontas agus a raibh tionchar trasteorann acu, rud a tharraing aird ar an ngéarghá atá le bearta uailmhianacha iomlánaíocha chun an riosca maidir le truailliú millíní plaisteacha a laghdú go suntasach agus cumais freagartha á neartú maidir le doirteadh millíní plaisteacha ar fud chríocha agus uiscí an Aontais.

Leasú 5

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(7b) Iompraítear beagnach 90 % d'earraí an domhain ar muir, lena n-áirítear millíní plaisteacha. Mar sin féin, d'fhéadfadh drochchleachtais láimhseála nó easpa maoirseachta ar ghnáthoibríochtaí áirithe, amhail cabhlacha nó coimeádáin a ghlanadh, a bheith ina gcúis le millíní a sceitheadh agus a dhoirteadh isteach san aigéan. Ina theannta sin, tuairiscíodh go leor tubaistí millíní muirí, rud a fhágann gur gníomhaíocht ardriosca é an muiriompar i ndáil le truailliú millíní plaisteacha. Tá tionchar tubaisteach ag cailteanais millíní den sórt sin ar éiceachórais mhuirí agus chósta agus ar na speicis a bhfuil iontu, agus fágann soghluaisteacht fhoircneach millíní plaisteacha go bhfuil sé deacair oibríochtaí srianta agus glantacháin a dhéanamh go héifeachtach. Déantar láimhseáil millíní den sórt sin a

rialáil ar an leibhéal idirnáisiúnta le Coinbhinsiún 1972 maidir le Coimeádán Shábháilte, agus forlíontar é le ciorclán Fhochoiste 2023 um Iompar Lasta agus Coimeádán maidir leis an oibleagáid coimeádáin chaillte a thuairisciú, ach ní thugtar leis na ráthaíochtaí is gá chun truailliú ó mhillíní plaisteacha a chosc. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach iompar muirí a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, chomh maith le forálacha a bhaineann le millíní plaisteacha a láimhseáil a bhaineann go sonrach leis an modh iompair sin, má táthar chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) D’ainneoin reachtaíocht an Aontais a bhaineann leis an dramhaíl, an truailliú, bruscar muirí agus ceimiceáin a chosc, níl aon riail shonrach de chuid an Aontais ann lena gcoisctear cailteanas millíní mar fhoinse truaillithe micreaphlaistigh ar feadh an tslabhra soláthair ar fad. Le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ leagtar síos prionsabail bhunúsacha maidir le bainistiú dramhaíola agus forchuirtear oibleagáidí ginearálta ar na Ballstáit chun bearta a dhéanamh chun giniúint dramhaíola a chosc. Ba cheart na hoibleagáidí ginearálta sin a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe agus ar cheanglais shonracha maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil go cúramach i dtreo nach dramhaíl a bheidh iontu.

¹⁰ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

Leasú

(9) D’ainneoin reachtaíocht an Aontais a bhaineann leis an dramhaíl, an truailliú, bruscar muirí agus ceimiceáin a chosc, níl aon riail shonrach de chuid an Aontais ann lena gcoisctear cailteanas millíní mar fhoinse truaillithe micreaphlaistigh ar feadh an tslabhra soláthair ar fad. Le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ leagtar síos prionsabail bhunúsacha maidir le bainistiú dramhaíola agus forchuirtear oibleagáidí ginearálta ar na Ballstáit chun bearta a dhéanamh chun giniúint dramhaíola a chosc. Ba cheart na hoibleagáidí ginearálta sin a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe agus ar cheanglais shonracha maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil go cúramach **chun cosc a chur ar a n-éalú amach sa chomhshaol.**

¹⁰ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus
lena n-aisghairtear Treoracha áirithe
(IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus
lena n-aisghairtear Treoracha áirithe
(IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

Leasú 7

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(9a) Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le bearta chun truailliú millíní plaisteacha a tharlaíonn tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a chosc, a shrianadh agus a ghlanadh, ach ní dhéantar foráil ann maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú atá ann cheana. Tá sé ríthábhachtach ithir, aibhneacha agus sruthanna a ghlanadh, agus éiceachórais talún, mhuirí, chladachúla agus chósta dhíghrádaithe a athbhunú chun an sprioc maidir le laghdú 30 % a bhaint amach faoi 2030, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a}, agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ba cheart don Choimisiún sraith beart a fhorbairt chun na limistéir sin atá truaillithe cheana féin a mhapáil agus a ghlanadh suas, agus iad a chur chun feidhme mar chuid de straitéis Eorpach maidir le micreaphlaistigh a dhí-thruailliú, nó trí bhearta tacaíochta agus tionlacáin do na Ballstáit. Ar bhonn níos leithne, ba cheart don Aontas a bheith rannpháirteach i réitigh a chur chun cinn feadh an tslabhra luacha ina iomláine, agus ba cheart dó réitigh den sórt sin a áireamh sa chaibidlíocht leanúnach maidir le Conradh idirnáisiúnta um Thruailliú Plaisteach a fhorbairt, agus sa 81ú seisiún de Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO

1^a Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L,).

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Le Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún tugtar aghaidh ar chaillteanas na micreacháithníní polaiméire sintéisí lena n-úsáid ag suíomhanna tionsclaíocha, i.e. millíní plaisteacha, mar scaoilítí ineachanta. I gcás na scaoilítí sin, tugadh ceanglas tuairiscithe isteach maidir le meastachán a dhéanamh faoi chainníocht na micreaphlaisteach a scaoiltear sa chomhshaol ar bhonn bliantúil. Cé go bhfuil modheolaíocht in easnamh ar an gceanglas sin chun meastachán a dhéanamh faoi chaillteanas, cuirfear leis an bhfaisnéis faoi chaillteanas na millíní leis an gceanglas agus cuirfear feabhas ar cháilíocht na faisnéise a bhailítear chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a dhíorthaíonn as na micreaphlaistigh sin amach anseo.

Leasú

(12) Le Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún tugtar aghaidh ar chaillteanas na micreacháithníní polaiméire sintéisí lena n-úsáid ag suíomhanna tionsclaíocha, i.e. millíní plaisteacha, mar scaoilítí ineachanta. I gcás na scaoilítí sin, tugadh ceanglas tuairiscithe isteach maidir le meastachán a dhéanamh faoi chainníocht na micreaphlaisteach a scaoiltear sa chomhshaol ar bhonn bliantúil. **Mar sin féin, tá** modheolaíocht in easnamh ar an gceanglas **tuairiscithe sin** chun meastachán a dhéanamh faoi chaillteanas, **agus ní sholáthraítear leis ach meastacháin bhliantúla. Cé go gcuirfear** leis an bhfaisnéis faoi chaillteanas na millíní leis an gceanglas agus cuirfear feabhas ar cháilíocht na faisnéise a bhailítear chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a dhíorthaíonn as na micreaphlaistigh sin amach anseo, **ní leor forléargas a bheith ann ar chineál sonracha na gcaillteanas agus ar na cúiseanna atá leo.**

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) Oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad, ba cheart dóibh na ceanglais a chur chun feidhme maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil trí ord tosaíochta gníomhaíochta a leanúint, agus é de phríomhspríoc leis sin scaoileadh na millíní sa chomhshaol a chosc mar an tosaíocht is tábhachtaí. Dá bhrí sin, doirteadh millíní plaisteacha ó imshrianadh príomhúil a chosc le linn na gnáthláimhseála, rud lena ndéantar riosca an doirte a laghdú go dtí an leibhéal is ísle is féidir, ba cheart gurbh é sin an chéad chéim a bheadh san ord gníomhaíochta, agus aon láimhseáil neamhriachtanach á seachaint mar chuid de sin (trí na pointí aistrithe a laghdú mar shampla) agus trí phacáistíocht atá díonach ar pholladh a úsáid, agus millíní doirte a imshrianadh dá éis sin chun a áirithiú nach gcaillfear sa chomhshaol iad, agus trí ghlantachán a dhéanamh tar éis teagmhas doirte nó cailte mar chéim dheiridh.

Leasú

(15) Oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad, ba cheart dóibh na ceanglais a chur chun feidhme maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil trí ord tosaíochta gníomhaíochta a leanúint, agus é de phríomhspríoc leis sin scaoileadh na millíní sa chomhshaol a chosc mar an tosaíocht is tábhachtaí. Dá bhrí sin, doirteadh millíní plaisteacha ó imshrianadh a chosc le linn na gnáthláimhseála, rud lena ndéantar riosca an doirte a laghdú go dtí an leibhéal is ísle is féidir, ba cheart gurbh é sin an chéad chéim a bheadh san ord gníomhaíochta, agus aon láimhseáil neamhriachtanach á seachaint mar chuid de sin (trí na pointí aistrithe a laghdú mar shampla) agus **trí gach coimeádán stórála agus iompair ina bhfuil millíní plaisteacha a lipéadú chomh maith le** trí phacáistíocht **iomchuí** a úsáid, agus millíní doirte a imshrianadh dá éis sin chun a áirithiú nach gcaillfear sa chomhshaol iad, agus trí ghlantachán a dhéanamh tar éis teagmhas doirte nó cailte mar chéim dheiridh.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Cé gurb é an aidhm go gcoiscfear

Leasú

(16) Cé gurb é an aidhm cailteanas

cailteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol i gcás na n-oibreoirí eacnamaíocha uile, agus na n-iompróirí uile ar de chuid an Aontais agus nach de chuid an Aontais iad, ba cheart oibleagáidí le haghaidh micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a choigeartú chun an t-ualach orthu a mhaolú.

nialasach millíní plaisteacha sa chomhshaol **a bhaint amach** i gcás na n-oibreoirí eacnamaíocha uile, ba cheart oibleagáidí le haghaidh micrifhiontair **agus fiontair a láimhseálann níos lú ná 1 000 tona millíní plaisteacha go bliantúil** a choigeartú chun an t-ualach orthu a mhaolú.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) Chun cailteanas millíní plaisteacha a chosc, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha plean measúnaithe riosca a leagan síos, a chur chun feidhme, agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach tráth lena sainaitheofar an acmhainneacht go bhféadfadh doirteadh agus cailteanas tarlú agus doiciméadú a dhéanamh go háirithe ar threalamh agus ar nósanna imeachta sonracha atá i bhfeidhm chun cailteanas millíní a chosc, a imshrianadh agus a ghlanadh, agus méid na suiteála agus scála na n-oibríochtaí á gcur san áireamh.

Leasú

(18) Chun cailteanas millíní plaisteacha a chosc **agus cailteanas nialasach millíní plaisteacha a bhaint amach**, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha plean measúnaithe riosca a leagan síos, a chur chun feidhme, agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach tráth lena sainaitheofar an acmhainneacht go bhféadfadh doirteadh agus cailteanas tarlú agus doiciméadú a dhéanamh go háirithe ar threalamh agus ar nósanna imeachta sonracha atá i bhfeidhm chun cailteanas millíní a chosc, a imshrianadh agus a ghlanadh, agus méid na suiteála agus scála na n-oibríochtaí á gcur san áireamh.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(20) An trealamh sonrach a bheidh le suiteáil nó an nós imeachta a bheidh le forghníomhú, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha a bheith in ann é a roghnú. Dá ainneoin sin, agus an chomhlíontacht á fíorú ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann é a chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha an plean measúnaithe riosca a leasú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear sa Rialachán seo a dhéanamh, i dtráthchlár ar leith, chun cur chun feidhme leordhóthanach cheanglais an Rialacháin seo a áirithiú.

Leasú

(20) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an trealamh sonrach a bheidh le suiteáil nó an nós imeachta a bheidh le forghníomhú **a chur i bhfeidhm**. Dá ainneoin sin, agus an chomhlíontacht á fíorú ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann é a chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha an plean measúnaithe riosca a leasú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear sa Rialachán seo a dhéanamh, i dtráthchlár ar leith, chun cur chun feidhme leordhóthanach cheanglais an Rialacháin seo a áirithiú. **Ba cheart a bheith in ann oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó chineálacha áirithe trealaimh a shuiteáil nó ó bhearta áirithe a ghlacadh má thugann siad údar cuí leis na díolúintí sin do na húdaráis inniúla, agus cineál agus méid na suiteála agus scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh. Ba cheart do mhicrifhiontair an trealamh sonrach a bheidh le suiteáil nó an nós imeachta a bheidh le forghníomhú a mheas, agus cineál agus méid na suiteála chomh maith le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh.**

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(23) Chun na gníomhaíochtaí a cheanglaítear chun cailteanas millíní plaisteacha a chosc a chur chun feidhme go rathúil, tá gá le comhar agus tiomantas

Leasú

(23) Chun na gníomhaíochtaí a cheanglaítear, chun cailteanas millíní plaisteacha a chosc agus **cailteanas nialasach millíní plaisteacha a bhaint**

iomlán fhostaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, fostaithe iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus fostaithe iompróirí nach de chuid an Aontais iad. Ba cheart é a chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha ar iompróirí de chuid an Aontais oiliúint a chur ar a bhfoireann de réir róil agus fhreagrachtaí sonracha a bhfostaithe chun a áirithiú go mbeidh siad ar an eolas faoin trealamh agus in ann é a úsáid agus go ndéanfaidh siad na nósanna imeachta a fhorghníomhú, ar nósanna imeachta iad is gá chun comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú. Ba cheart é a chur de cheangal freisin ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar iompróirí de chuid an Aontais faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chur chun feidhme agus taifid a choimeád ar na gníomhaíochtaí sin, mar shampla socrú feistí gabhála. I gcás inarb iomchuí, ba cheart dóibh gníomhartha ceartaitheacha a ghlacadh lena n-áirítear, i gcás inar gá, feabhas a chur ar threalamh agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

amach, a chur chun feidhme go rathúil, tá gá le comhar agus tiomantas iomlán fhostaithe na n-oibreoirí eacnamaíocha, fostaithe iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus fostaithe iompróirí nach de chuid an Aontais iad. Ba cheart é a chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha ar iompróirí de chuid an Aontais oiliúint a chur ar a bhfoireann de réir róil agus fhreagrachtaí sonracha a bhfostaithe chun a áirithiú go mbeidh siad ar an eolas faoin trealamh agus in ann é a úsáid agus go ndéanfaidh siad na nósanna imeachta a fhorghníomhú, ar nósanna imeachta iad is gá chun comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú. Ba cheart é a chur de cheangal freisin ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar iompróirí de chuid an Aontais faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chur chun feidhme agus taifid a choimeád ar na gníomhaíochtaí sin, mar shampla socrú feistí gabhála. I gcás inarb iomchuí, ba cheart dóibh gníomhartha ceartaitheacha a ghlacadh lena n-áirítear, i gcás inar gá, feabhas a chur ar threalamh agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(24) Fiontair mheánmhéide agus mhóra a oibríonn suiteálacha mar a láimhseáiltear millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona, d'fhéadfadh rioscaí níos airde a bheith i gceist leo go gcaillfí millíní plaisteacha sa chomhshaol. Ar an gcúis sin,

Leasú

(24) Fiontair **bheaga**, mheánmhéide agus mhóra a oibríonn suiteálacha mar a láimhseáiltear millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona, d'fhéadfadh rioscaí níos airde a bheith i gceist leo go gcaillfí millíní plaisteacha sa

ba cheart é a chur de cheangal ar na fiontair sin gníomhaíochtaí breise a chur chun feidhme, i gcás gach suiteála, amhail measúnú inmheánach bliantúil a dhéanamh, agus clár oiliúna a ghlacadh a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais agus ar mhódúlachtaí sonracha oiliúna. Ina theannta sin, i gcás na bhfiontar sin, ba cheart comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a léiriú trí dheimhniú arna eisiúint ag deimhnitheoirí a fháil, agus a athnuachan. Na deimhnitheoirí sin, d'fhéadfadh comhlacht creidiúnaithe um measúnú comhréireachta nó fíoraitheoir comhshaoil a bheith i gceist atá ceadúnaithe chun fíorú agus bailíochtú a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵ maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil de chuid an Chomhphobail Eorpaigh (EMAS). Ba cheart an deimhniú sin a bheith ag comhfhreagairt d'fhormáid uathúil chun faisnéis aonfhoirmeach a áirithiú.

¹⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó

chomhshaoil. Ar an gcúis sin, ba cheart é a chur de cheangal ar na fiontair sin gníomhaíochtaí breise a chur chun feidhme, i gcás gach suiteála, amhail measúnú inmheánach bliantúil a dhéanamh, agus clár oiliúna **éigeantach** a ghlacadh a thabharfaidh aghaidh ar **shaincheisteanna sonracha maidir le cosc, cleachtais, cosaint oibrithe, teicneolaíochtaí glantacháin, úsáid agus cothabháil trealaimh, cur i gcrích nósanna imeachta, chomh maith le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chailteanas millíní plaisteacha**. Ina theannta sin, i gcás na bhfiontar sin, ba cheart comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a léiriú trí dheimhniú arna eisiúint ag deimhnitheoirí a fháil, agus a athnuachan. Na deimhnitheoirí sin, d'fhéadfadh comhlacht creidiúnaithe um measúnú comhréireachta nó fíoraitheoir comhshaoil a bheith i gceist atá ceadúnaithe chun fíorú agus bailíochtú a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵ maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil de chuid an Chomhphobail Eorpaigh (EMAS). Ba cheart an deimhniú sin a bheith ag comhfhreagairt d'fhormáid uathúil chun faisnéis aonfhoirmeach a áirithiú. **Maidir le fiontair bheaga a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh millíní plaisteacha ar mó ná 1000 tona iad, níor cheart dóibh deimhniú a fháil ach aon uair amháin. Ba cheart deimhniú den sórt sin a bheith bailí ar feadh 5 bliana agus ina dhiaidh sin ba cheart dóibh fógra a thabhairt maidir lena bplean measúnaithe riosca a thabhairt cothrom le dáta chomh maith le féindearbhu comhréireachta gach 5 bliana.**

¹⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(25) Micrifhiontair agus fiontair bheaga, agus fiontair mheánmhéide agus mhóra a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí faoi bhun 1 000, ba cheart é a chur de cheangal orthu a bheith faoi réir féindearbhú comhréireachta. Ba cheart tréimhse leordhóthanach a thabhairt dóibh freisin chun a gcomhlíontacht a léiriú.

Leasú

(25) Ba cheart é a chur de cheangal ar fhiontair **bheaga**, mheánmhéide agus mhóra a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí faoi bhun 1 000 **agus ar mhicrifhiontair** a bheith faoi réir féindearbhú comhréireachta. Ba cheart tréimhse leordhóthanach a thabhairt dóibh freisin chun a gcomhlíontacht a léiriú.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(32) Ba cheart do micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide

Leasú

(32) **Ós rud é gurb ionann micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide**

(FBManna) sa slabhra soláthair millíní na hoibleagáidí ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, ach d'fhéadfadh costais agus deacrachtaí a níos airde a bheith rompu agus cuid de na hoibleagáidí á gcomhlíonadh acu. Ba cheart don Choimisiún cur leis an bhfeasacht i measc oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí maidir leis an riachtanas go gcoiscfear cailteanas millíní. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún ábhair oiliúna a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt dóibh a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le ceanglais an mheasúnaithe riosca. Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar fhaisnéis agus ar chúnamh a sholáthar maidir le comhlíontacht le hoibleagáidí agus ceanglais an mheasúnaithe riosca. Maidir le cúnamh na mBallstát, d'fhéadfaí tacaíocht theicniúil agus airgeadais mar aon le hoiliúint speisialaithe do FBManna a áireamh air. Ba cheart gníomhaíochtaí na mBallstát a dhéanamh i leith na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.

(FBManna) agus sciar tábhachtach den slabhra soláthair millíní, ba cheart dóibh na hoibleagáidí ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, **agus na dúshláin éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis an gcomhlíonadh sin agus leis na costais a d'fhéadfadh a bheith níos airde go comhréireach á gcur san áireamh.** Ba cheart don Choimisiún **agus do na húdaráis inniúla** feasacht a mhúscailt i measc oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí maidir leis an riachtanas go gcoiscfear cailteanas millíní. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún **agus do na húdaráis inniúla** ábhair oiliúna a fhorbairt, **i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile,** chun cúnamh a thabhairt **d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'iompróirí** a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le ceanglais an mheasúnaithe riosca. **Ba cheart é sin a dhéanamh tríd an Moladh neamhcheangailteach arna ghlacadh ag na páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR) a chur san áireamh.** Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar fhaisnéis agus ar chúnamh a sholáthar maidir le comhlíontacht le hoibleagáidí agus ceanglais an mheasúnaithe riosca. Maidir le cúnamh na mBallstát, d'fhéadfaí a áireamh leis sin tacaíocht theicniúil **agus** oiliúint speisialaithe do **gach pearsanra a láimhseálann millíní plaisteacha, chomh maith le tacaíocht airgeadais agus rochtain ar mhaoiniú do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus do shuiteálacha a láimhseálann millíní plaisteacha i gcainníochtaí níos lú.** Ba cheart gníomhaíochtaí na mBallstát a dhéanamh i leith na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(33) Chun éascaíocht a dhéanamh d'fhoras coiteann i dtaca le meastachán a dhéanamh ar chaillteanais na millíní plaisteacha sa chomhshaol, is gá modheolaíocht chaighdeánaithe a bheith ann a leagtar síos i gcaighdeán comhchuibhithe a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lgh. 12–33)

Leasú

(33) Chun éascaíocht a dhéanamh d'fhoras coiteann i dtaca le meastachán a dhéanamh ar chaillteanais na millíní plaisteacha sa chomhshaol, is gá modheolaíocht chaighdeánaithe a bheith ann a leagtar síos i gcaighdeán comhchuibhithe a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ***Go dtí go nglacfar an mhodheolaíocht chaighdeánaithe, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an mhodheolaíocht a úsáideadh agus cailteanais millíní plaisteacha á dtuairisciú acu a léiriú.***

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lgh. 12–33)

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

(38) Chun a áirithiú go ndíspreagtar oibreoírí eacnamaíocha go héifeachtach maidir le neamhchomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos i dtaca leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirfear na rialacha sin chun feidhme. Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun cur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí pionós a éascú, is gá critéir choiteanna a leagan síos chun cineálacha agus leibhéil na bpionós a bheidh le forchur i gcás sárú a chinneadh. Ba cheart a áireamh leis na critéir sin, inter alia, cineál agus tromchúis an tsáraithe chomh maith leis na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as an sárú chun a áirithiú go mbainfear na sochair sin díobh siúd atá freagrach.

(38) Chun a áirithiú go ndíspreagtar oibreoírí eacnamaíocha go héifeachtach maidir le neamhchomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos i dtaca leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirfear na rialacha sin chun feidhme. Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun cur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí pionós a éascú, is gá critéir choiteanna a leagan síos chun cineálacha agus leibhéil na bpionós a bheidh le forchur i gcás sárú a chinneadh. Ba cheart a áireamh leis na critéir sin, inter alia, cineál agus tromchúis an tsáraithe chomh maith leis na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as an sárú chun a áirithiú go mbainfear na sochair sin díobh siúd atá freagrach. ***Ba cheart do na Ballstáit féachaint lena áirithiú go n-úsáidfean an t-ioncam a ghintear ó na pionóis, nó a luach airgeadais coibhéiseach, chun tacú le tionscadail atá dírithe ar limistéir a thruaillítear le plaisteach a ghlanadh agus truailliú millíní plaisteacha a sheachaint.***

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 39

(39) Agus pionóis agus bearta le haghaidh sáruithe á leagan síos, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh, bunaithe ar

(39) Agus pionóis agus bearta le haghaidh sáruithe á leagan síos, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh, bunaithe ar

thromchúis an tsáraithe, gur cheart do leibhéal na bhfíneálacha an tairbhe eacnamaíoch a eascraíonn as neamhchomhlíontacht leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo, lena n-áirítear cásanna sárúithe leantacha, a bhaint go héifeachtach den oibreoir eacnamaíoch neamhchomhlíontach agus d'iompróirí neamhchomhlíontacha ar de chuid an Aontais iad agus d'iompróirí neamhchomhlíontacha nach de chuid an Aontais iad. Ba cheart tromchúis an tsáraithe a bheith ina príomhchritéar maidir leis na bearta a dhéanann na húdaráis forfheidhmiúcháin. I gcás sárú arna dhéanamh ag duine dlítheanach, ba cheart 4 % ar a laghad den láimhdeachas bliantúil eacnamaíoch sa Bhallstát lena mbaineann a bheith in uasmhéid na bhfíneálacha.

thromchúis an tsáraithe, gur cheart do leibhéal na bhfíneálacha an tairbhe eacnamaíoch a eascraíonn as neamhchomhlíontacht leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo, lena n-áirítear cásanna sárúithe leantacha, a bhaint go héifeachtach den oibreoir eacnamaíoch neamhchomhlíontach agus d'iompróirí neamhchomhlíontacha ar de chuid an Aontais iad agus d'iompróirí neamhchomhlíontacha nach de chuid an Aontais iad. Ba cheart tromchúis an tsáraithe a bheith ina príomhchritéar maidir leis na bearta a dhéanann na húdaráis forfheidhmiúcháin. I gcás sárú arna dhéanamh ag duine dlítheanach, ba cheart **3 %** ar a laghad den láimhdeachas bliantúil eacnamaíoch **san Aontas** a bheith in uasmhéid na bhfíneálacha.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos oibleagáidí maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil ag gach céim den slabhra soláthair chun caillteanas a chosc.

Leasú

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos oibleagáidí maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil ag gach céim den slabhra soláthair chun caillteanas a chosc, **agus é mar chuspóir caillteanas nialasach millíní plaisteacha a bhaint amach.**

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) ciallaíonn ‘millín plaisteach’ mais bheag d’ábhar múnlaithé réamhfhoirmithe ina bhfuil polaiméir, ar thoisí cuibheasach aonfhoirmeach i luchtóg ar leith, a úsáidtear mar bhunábhar in oibríochtaí monaraíochta táirgí plaisteacha;

Leasú

(a) ciallaíonn ‘millín plaisteach’ mais bheag d’ábhar múnlaithé réamhfhoirmithe ina bhfuil polaiméir, **gan beann ar a chruth nó ar a fhoirm, lena n-áirítear púdair, sorcóirí, coirníní agus calóga, arbh fhéidir gur cuireadh breiseáin leo**, a úsáidtear mar bhunábhar in oibríochtaí monaraíochta táirgí plaisteacha **agus athchúrsála plaistigh**;

Leasú 22

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) ciallaíonn ‘deannach millíní plaisteacha’ an t-iarmhar tionsclaíoch ó millíní plaisteacha a láimhseáil, a mheilt nó a phróiseáil, nach n-úsáidtear mar bhunábhar in oibríochtaí monaraíochta táirgí plaisteacha.

Leasú 23

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) ciallaíonn ‘doirteadh’ éalú aon uaire millíní plaisteacha ó imshrianadh príomhúil;

Leasú

(b) ciallaíonn ‘doirteadh’ éalú aon uaire **nó fada** millíní plaisteacha ó imshrianadh príomhúil;

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) ciallaíonn ‘cailteanas’ éalú aon uaire nó fada millíní plaisteacha ó teorainn suiteála chuig an gcomhshaol nó ó fheithiclí bóthair, vaigíní iarnróid nó soithí uiscebhealaí intíre a iompraíonn millíní plaisteacha;

Leasú

(c) ciallaíonn ‘cailteanas’ éalú aon uaire nó fada millíní plaisteacha **ag aon chéim den slabhra soláthair, lena n-áirítear ón** teorainn suiteála chuig an gcomhshaol nó ó **iompar** millíní plaisteacha;

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) ciallaíonn ‘suiteáil’ aon áitreabh, struchtúr, timpeallacht nó áit ar laistigh de a ndéantar gníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó a bhaineann le millíní plaisteacha a láimhseáil;

Leasú

(d) ciallaíonn ‘suiteáil’ aon áitreabh, struchtúr, **láithreán** nó áit ar laistigh de a ndéantar gníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó a bhaineann le millíní plaisteacha a láimhseáil;

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) ciallaíonn ‘iompróir de chuid an Aontais’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát, a ghabhann d’iompar millíní plaisteacha mar chuid dá ghníomhaíocht eacnamaíoch trí úsáid a bhaint as feithiclí bóthair, vaigíní iarnróid nó soithí uiscebhealaí intíre;

Leasú

(f) ciallaíonn ‘iompróir de chuid an Aontais’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát, a ghabhann d’iompar millíní plaisteacha mar chuid dá ghníomhaíocht eacnamaíoch;

Leasú 27

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe g**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(g) ciallaíonn ‘iompróir nach de chuid an Aontais é’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír, a ghabhann d’iompar millíní plaisteacha mar chuid dá ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas trí úsáid a bhaint as feithiclí bóthair, vaigíní iarnróid nó soithí uiscebhealaí intíre;

Leasú

(g) ciallaíonn ‘iompróir de chuid an Aontais’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír, a ghabhann d’iompar millíní plaisteacha mar chuid dá ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas;

Leasú 28

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad go

Leasú

1. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad go

seachnófar cailteanas. I gcás ina dtarlaíonn cailteanas, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad gníomhaíocht láithreach chun na cailteanas sin a ghlanadh.

seachnófar cailteanas. I gcás ina dtarlaíonn **doirtí agus** cailteanas, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad gníomhaíocht láithreach chun **na doirtí agus** an cailteanas sin **a shrianadh agus** a ghlanadh.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Tabharfaidh oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí de chuid an Aontais fógra d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe faoi aon athrú suntasach ar a suiteálacha agus ar a ngníomhaíochtaí a bhaineann le millíní plaisteacha a láimhseáil, lena n-áirítear aon chás ina ndúntar suiteáil atá ann cheana.

Leasú

3. Tabharfaidh oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí de chuid an Aontais fógra d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe faoi aon athrú suntasach ar a suiteálacha agus ar a ngníomhaíochtaí a bhaineann le millíní plaisteacha a láimhseáil **agus a iompar**, lena n-áirítear aon chás ina ndúntar suiteáil atá ann cheana, **de réir mar is infheidhme**.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3a. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a}, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, chun críocha an Rialacháin seo, gach coimeádán stórála

agus iompair ina bhfuil millíní plaisteacha a lipéadú i gcomhréir le hlarscríbhinn IVb a ghabhann leis an Rialachán seo.

^{1a} Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Déanfaidh údaráis inniúla clár poiblí a bhunú agus a choinneáil ar bun ina mbeidh an fhaisnéis arna fáil acu i gcomhréir le míreanna 3 agus 4.

Leasú

4. Déanfaidh údaráis inniúla clár poiblí a bhunú agus a choinneáil ar bun ina mbeidh an fhaisnéis arna fáil acu i gcomhréir le míreanna **2 agus 3. Beidh an clár ar fáil go poiblí agus inrochtana gan stró.**

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide agus mhóra iad a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh cainníochtaí

Leasú

2. Oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair **bheaga**, mheánmhéide agus mhóra iad a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh

millíní plaisteacha faoi bhun 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe nó ar micrifhiontair nó fiontair bheaga iad, tabharfaidh siad fógra faoi uasdátú ar an bplean measúnaithe riosca i gcás gach suiteála mar aon le hathnuachan ar an bhféindearbhú comhréireachta don údarás inniúil gach 5 bliana ón bhfógra deireanach.

cainníochtaí millíní plaisteacha faoi bhun 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe nó ar micrifhiontair iad, tabharfaidh siad fógra faoi uasdátú ar an bplean measúnaithe riosca i gcás gach suiteála mar aon le hathnuachan ar an bhféindearbhú comhréireachta don údarás inniúil gach 3 bliana ón bhfógra deireanach.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Maidir le hoibreoírí eacnamaíocha ar fiontair bheaga iad a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1000 tona sa bhliain féilire roimhe sin, comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo, ach amháin má tá deimhniú bailí acu a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 5(2a).

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) athrú a dhéanamh ar phleananna measúnaithe riosca a fógraíodh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 chun a áirithiú gur féidir an cailteanas a chosc go héifeachtach nó, i gcás inarb iomchuí, a imshrianadh agus a ghlanadh agus go

(a) athrú a dhéanamh ar phleananna measúnaithe riosca a fógraíodh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 chun a áirithiú gur féidir an cailteanas a chosc go héifeachtach **agus**, i gcás inarb iomchuí, a imshrianadh agus a ghlanadh agus go

gcomhlíonfar larscríbhinn I;

gcomhlíonfar larscríbhinn I;

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Déanfaidh údaráis inniúla clár a bhunú, a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta, ar clár é ina mbeidh na pleananna measúnaithe riosca agus na féindearbhuíthe comhréireachta a fógraíodh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Beidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin.

Leasú

4. Déanfaidh údaráis inniúla clár a bhunú, a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta, ar clár é ina mbeidh na pleananna measúnaithe riosca, na féindearbhuíthe comhréireachta **agus na fógraí cailteanais arna soláthar** i gcomhréir le **hlarscríbhinn IVa**. Beidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Beidh na hoibleagáidí seo a leanas ar oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí de chuid an Aontais:

Leasú

Beidh na hoibleagáidí seo a leanas ar oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí AE **agus iompróirí neamh-AE**:

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) a áirithiú go gcuirfear oiliúint ar a bhfoireann de réir a ról agus a bhfreagrachtaí sonracha agus go mbeidh siad ar an eolas faoin trealamh ábhartha agus in ann é a úsáid agus na nósanna imeachta a fhorghníomhú, ar nósanna imeachta iad a leagtar amach chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú;

Leasú

(a) a áirithiú go gcuirfear oiliúint ar a bhfoireann de réir a ról agus a bhfreagrachtaí sonracha agus go mbeidh siad ar an eolas faoin trealamh ábhartha agus in ann é a úsáid, **lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach**, agus na nósanna imeachta a fhorghníomhú, ar nósanna imeachta iad a leagtar amach chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú;

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 7 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) taifid a choimeád ar mheastacháin a dhéantar go bliantúil faoi chainníochtaí an chailteanais agus faoi mhéid iomlán na millíní plaisteacha a láimhseáiltear.

Leasú

(c) taifid a choimeád ar mheastacháin a dhéantar go bliantúil faoi chainníochtaí an chailteanais agus **faoi chainníochtaí** iomlána na millíní plaisteacha a láimhseáiltear.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

8. I gcás ina dteipeann ar ghníomhaíocht a dhéantar chun doirteadh

Leasú

8. I gcás ina dteipeann ar ghníomhaíocht a dhéantar chun doirteadh

agus caillteanas a chosc, a imshrianadh agus a ghlanadh, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad gníomhartha ceartaitheacha, a luaithe is féidir.

agus caillteanas a chosc, a imshrianadh agus a ghlanadh, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí **AE** agus iompróirí neamh-AE iad gníomhartha ceartaitheacha, **gan mhoill**.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 9 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

9. Gach bliain, oibreoirí nach micrifhiontair ná fiontair bheaga iad agus a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe, déanfaidh siad, i gcás gach suiteála, measúnú inmheánach ar staid chomhlíontacht na suiteála le ceanglais an phlean measúnaithe riosca a leagtar síos in Iarscríbhinn I. Leis an measúnú inmheánach, féadfar na hábhair seo a leanas a chumhdach, i measc ábhair eile:

Leasú

9. Gach bliain, déanfaidh oibreoirí nach micrifhiontair iad **nó** a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe, i gcás gach suiteála, measúnú inmheánach ar staid chomhlíontacht na suiteála le ceanglais an phlean measúnaithe riosca a leagtar síos in Iarscríbhinn I. Leis an measúnú inmheánach, **déanfar** na hábhair seo a leanas a chumhdach, i measc ábhair eile:

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 9 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) trealamh agus/nó nósanna imeachta coiscitheacha, imshrianta agus glantacháin arna gcur chun feidhme chun caillteanas amach anseo a sheachaint, agus a n-

Leasú

(b) trealamh agus/nó nósanna imeachta coiscitheacha, imshrianta agus glantacháin arna gcur chun feidhme chun caillteanas amach anseo a sheachaint, agus

éifeachtacht;

meastóireacht ar a n-éifeachtacht;

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 9 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) plé leis an bpearsanra, cigireachtaí ar threalamh agus ar nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus athbhreithniú ar aon doiciméadacht ábhartha.

Leasú

(c) plé leis an bpearsanra **agus cláir oiliúna a mbaineann leo**, cigireachtaí ar threalamh, **lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach**, agus ar nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus athbhreithniú ar aon doiciméadacht ábhartha.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 9 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Coinneoidh na hoibreoírí eacnamaíocha dá dtagraítear sa chéad fomhír taifid ar na measúnuithe agus ar aon ghníomhaíochtaí a rinneadh ina dhiaidh sin agus cuirfidh siad na taifid sin ar fáil d'údaráis inniúla arna iarraidh sin dóibh.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 4 bliana dá éis sin, oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide iad, léireoidh siad maidir le gach suiteáil inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe, go bhfuil an tsuiteáil sin comhlíontach leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, trí dheimhniú arna eisiúint ag deimhnitheoir a fháil.

Leasú

2. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach **3** bliana dá éis sin, oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide iad, léireoidh siad maidir le gach suiteáil inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe, go bhfuil an tsuiteáil sin comhlíontach leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, trí dheimhniú arna eisiúint ag deimhnitheoir a fháil.

Leasú 45

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Faoin ... [60 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], léireoidh oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair bheaga iad, maidir le gach suiteáil inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe, go bhfuil an tsuiteáil sin comhlíontach leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, trí dheimhniú arna eisiúint ag deimhnitheoir a fháil. Beidh an deimhniú sin bailí ar feadh 5 bliana.

Leasú 46

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Déanfaidh deimhnitheoirí spotseiceálacha chun a áirithiú maidir leis na bearta uile sa phlean measúnaithe riosca arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hlarscríbhinn I, go gcuirtear chun feidhme go cuí iad.

Leasú

3. Déanfaidh deimhnitheoirí spotseiceálacha **agus cigireachtaí ar láithreáin, modhanna iompair agus ar na ceantair mháguaird** chun a áirithiú maidir leis na bearta uile sa phlean measúnaithe riosca arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hlarscríbhinn I, go gcuirtear chun feidhme go cuí iad.

Leasú 47

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Le creidiúnú na ndeimhnitheoirí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (k)(i), beidh meastóireacht ar chomhlíontacht leis na ceanglais seo a leanas:

Leasú

Le creidiúnú na ndeimhnitheoirí dá dtagraítear in Airteagal **2**, pointe (k)(i), beidh meastóireacht ar chomhlíontacht leis na ceanglais seo a leanas:

Leasú 48

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Fíoróidh údaráis inniúla comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, agus an fhaisnéis á cur san áireamh

Leasú

1. Fíoróidh údaráis inniúla comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, agus an fhaisnéis á cur san áireamh

arna soláthar i bhféindearbhuithe comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) agus arna soláthar ag deimhnitheoirí i gcomhréir le hAirteagal 5(5). Déanfaidh na húdaráis inniúla cigireachtaí comhshaoil agus bearta fíorúcháin eile, agus cur chuige rioscabhunaithe á leanúint.

arna soláthar i bhféindearbhuithe comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) agus arna soláthar ag deimhnitheoirí i gcomhréir le hAirteagal 5(5). Déanfaidh na húdaráis inniúla cigireachtaí comhshaoil **gan fógra** agus bearta fíorúcháin eile, agus cur chuige rioscabhunaithe á leanúint.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Faoin ... ar a dhéanaí [OP cuir isteach an dáta = an 1ú lá den mhí i ndiaidh 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana dá éis sin, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo le linn na bliana féilire roimhe. Áireofar ar an bhfaisnéis sin:

Leasú

2. Faoin ... ar a dhéanaí [OP cuir isteach an dáta = an 1ú lá den mhí i ndiaidh **3** bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana dá éis sin, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo le linn na bliana féilire roimhe. Áireofar ar an bhfaisnéis sin:

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) an líon oibreoirí eacnamaíocha de réir mhéid an fhiontair de réir Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus in aghaidh na gníomhaíochta

Leasú

(a) an líon oibreoirí eacnamaíocha de réir mhéid an fhiontair de réir Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus in aghaidh na gníomhaíochta

eacnamaíche, a suiteálacha, agus an líon iompróirí de chuid an Aontais agus na modhanna iompair dá gcuid arna leithdháileadh ar iompar na millíní plaisteacha;

eacnamaíche, a suiteálacha **agus cainníochtaí iomlána na millíní plaisteacha arna láimhseáil acu**, agus an líon iompróirí de chuid an Aontais agus na modhanna iompair dá gcuid arna leithdháileadh ar iompar na millíní plaisteacha **agus na cainníochtaí arna láimhseáil acu**;

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3a. Gach trí bliana, bunaithe ar na tuarascálacha ó na Ballstáit dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil sintéise ar fáil maidir le comhlíonadh agus tuairisciú, ina leagfar amach an fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo atá i dtuarascálacha na mBallstát.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Gan dochar do Threoir 2004/35/CE, i gcás cailiteanas teagmhasach nó de thimpiste lena ndéantar difear do shláinte an duine nó don chomhshaol, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de

1. Gan dochar do Threoir 2004/35/CE, i gcás cailiteanas teagmhasach nó de thimpiste lena ndéantar difear do shláinte an duine nó don chomhshaol, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de

chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad na nithe seo a leanas láithreach:

chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad na nithe seo a leanas láithreach:

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) an t-údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste a chur ar an eolas mar aon le cainníochtaí measta an chailteanais;

Leasú

(a) an t-údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste a chur ar an eolas, ***chomh maith le húdarás inniúil aon chríche ar dócha go ndéanfar difear di***, agus cainníochtaí measta an chailteanais ***i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IVa***;

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) bearta a dhéanamh chun na cailteanais sin a shrianadh agus a ghlanadh suas ar bhealach atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de;

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) bearta a dhéanamh chun na hiarmhairtí sláinte nó comhshaoil a theorannú agus chun tuilleadh teagmhas nó timpistí a chosc.

Leasú

(b) ***gach beart is féidir*** a dhéanamh chun na hiarmhairtí sláinte nó comhshaoil a ***íoslaghdú*** agus chun tuilleadh teagmhas nó timpistí a chosc.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. An t-údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste, cuirfidh sé de cheangal, i gcás inar gá, ar oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad bearta comhlántacha iomchuí a dhéanamh chun na hiarmhairtí sláinte nó comhshaoil a theorannú agus chun tuilleadh teagmhas nó timpistí a chosc.

Leasú

2. An t-údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste, cuirfidh sé de cheangal, i gcás inar gá, ar oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad bearta comhlántacha iomchuí a dhéanamh ***agus oiliúint shonrach a eagrú*** chun na hiarmhairtí sláinte nó comhshaoil a ***íoslaghdú*** agus chun tuilleadh teagmhas nó timpistí a chosc.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. I gcás aon teagmhais nó timpiste lena ndéantar difear suntasach do shláinte an duine nó don chomhshaoil i mBallstát

Leasú

3. I gcás aon teagmhais nó timpiste lena ndéantar difear do shláinte an duine nó don chomhshaoil i mBallstát eile,

eile, cuirfidh an t-údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste údarás inniúil an Bhallstáit eile sin ar an eolas láithreach.

cuirfidh an t-údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste údarás inniúil an Bhallstáit eile sin ar an eolas láithreach.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. I gcás ina mbaineann contúirt láithreach do shláinte an duine le sárú na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo nó ina mbeidh bagairt i gceist leis an sárú go mbeidh sé ina údar le héifeacht dhíobhálach shuntasach ar an gcomhshaol, féadfaidh an t-údarás inniúil oibriú na suiteála a chur ar fionraí go dtí go n-athbhunófar an chomhlíontacht i gcomhréir le mír 1, pointí (b) agus (c).

Leasú

2. I gcás ina mbaineann contúirt láithreach do shláinte an duine le sárú na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo nó ina mbeidh bagairt i gceist leis an sárú go mbeidh sé ina údar le héifeacht dhíobhálach shuntasach ar an gcomhshaol, **déanfaidh** an t-údarás inniúil oibriú na suiteála a chur ar fionraí go dtí go n-athbhunófar an chomhlíontacht i gcomhréir le mír 1, pointí (b) agus (c).

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

Leasú

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú **agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.**

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Forbróidh an Coimisiún ábhar méadaithe feasachta agus oiliúna maidir le cur chun feidhme fóna na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo i gcomhairle le hionadaithe oibreoírí eacnamaíocha, iompróirí, agus deimhnitheoirí, lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide agus i gcomhar le húdaráis inniúla.

Leasú

1. ***Faoin... [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh*** an Coimisiún ábhar ardaithe feasachta agus oiliúna ***a fhorbairt agus a chistiú, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm treoracha agus cúrsaí,*** maidir le cur chun feidhme fóna na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo i gcomhairle le hionadaithe oibreoírí eacnamaíocha, iompróirí, agus deimhnitheoirí, lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, ***comhpháirtithe sóisialta, ionadaithe na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha*** agus i gcomhar leis na húdaráis inniúla.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh oibreoírí eacnamaíocha agus iompróirí, go háirithe micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, rochtain ar fhaisnéis agus ar chúnamh maidir le comhlíontacht leis an Rialachán seo.

Leasú

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh oibreoírí eacnamaíocha agus iompróirí rochtain ar fhaisnéis agus ar chúnamh maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh an cúnamh dá dtagraítear sa chéad fomhír do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

- (a) oiliúint speisialaithe don bhainistíocht agus don fhoireann, lena n-airítear cláir oiliúna a eagrú;***
- (b) cúnamh oibríochtúil agus teicniúil.***

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh an cúnamh dá dtagraítear sa chéad fomhír a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh an cúnamh dá dtagraítear sa chéad fomhír ***do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus do shuiteálacha a láimhseálann millíní plaisteacha i gcainníochtaí atá faoi bhun na tairsí a leagtar amach in Airteagal 4(2)***, a bheith sna foirmeacha seo a leanas freisin:

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) rochtain ar mhaoiniú;

Leasú

(b) rochtain ar mhaoiniú, ***lena n-áirítear d'fhonn trealamh a fháil atá riachtanach chun comhlíonadh a bhaint amach;***

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) ***bainistíocht speisialaithe agus oiliúint foirne;***

scriosta

Leasú

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) ***cúnamh oibríochtúil agus teicniúil.***

scriosta

Leasú

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Chun an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 4(7), an chéad fhomhír, pointe (c) a chomhlíonadh, forbrófar modheolaíocht chun meastachán a dhéanamh faoi chainníochtaí an chaillteanais i gcaighdeáin chomhchuibhithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

Leasú

1. Chun an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 4(7), an chéad fhomhír, pointe (c) **agus Iarscríbhinn IVa** a chomhlíonadh, forbrófar modheolaíocht chun meastachán a dhéanamh faoi chainníochtaí an chaillteanais i gcaighdeáin chomhchuibhithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an ngearán cuí-réasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad na bearta is gá, lena n-áirítear cigireachtaí ar an duine nó ar an eagraíocht nó éisteachtaí uathu, d'fhonn na gearáin sin a fhíorú. Má chinntear go bhfuil bunús leis an ngearán, déanfaidh na húdaráis inniúla na gníomhaíochtaí is gá i gcomhréir le hAirteagal 4(3).

Leasú

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an ngearán cuí-réasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad na bearta is gá, lena n-áirítear cigireachtaí ar an duine nó ar an eagraíocht nó éisteachtaí uathu, d'fhonn na gearáin sin a fhíorú. Má chinntear go bhfuil bunús leis an ngearán, déanfaidh na húdaráis inniúla na gníomhaíochtaí is gá i gcomhréir le hAirteagail 4(3), **9(2) agus 10(2)**.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Áireofar ar na pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh nó le hioncam an duine nádúrtha a rinne an sárú. Ríomhfar leibhéal na bhfíneálacha ar bhealach chun a áirithiú go gceiltar go héifeachtach ar an duine atá freagrach as na sáruithe na leasanna eacnamaíocha a bhaint as na sáruithe sin. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a mhéadú de réir a chéile i gcás sáruithe a dhéanfar arís agus arís eile. I gcás sárú arna dhéanamh ag duine dlítheanach, maidir le huasmhéid na bhfíneálacha is é 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an oibreora eacnamaíoch sa Bhallstát lena mbaineann sa bhliain ghnó roimh chinneadh na fíneála a bheidh san uasmhéid sin.

Leasú

2. Áireofar ar na pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh nó le hioncam an duine nádúrtha a rinne an sárú. Ríomhfar leibhéal na bhfíneálacha ar bhealach chun a áirithiú go gceiltar go héifeachtach ar an duine atá freagrach as na sáruithe na leasanna eacnamaíocha a bhaint as na sáruithe sin. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a mhéadú de réir a chéile i gcás sáruithe a dhéanfar arís agus arís eile. I gcás sárú arna dhéanamh ag duine dlítheanach, maidir le huasmhéid na bhfíneálacha is é 3 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an oibreora eacnamaíoch **san Aontas** sa bhliain ghnó roimh chinneadh na fíneála a bheidh san uasmhéid sin.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3a. Féachfaidh na Ballstáit lena áirithiú go n-úsáidfear an t-ioncam a ghintear ó na pionóis dá dtagraítear i mír 1, nó a luach airgeadais coibhéiseach, chun tacú le tionscadail atá dírithe ar limistéir atá truaillithe ag plaisteach a ghlanadh roimh... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus truailliú millíní plaisteacha a sheachaint.

Féadfaidh tionscadail a mhaoinítear leis an ioncam a ghintear ó pionóis dá dtagraítear sa chéad fhomhír rannchuidiú

le hobair eolaíoch a chur chun cinn chun staidéar a dhéanamh ar thionchar millíní plaisteacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, tacú le taighde agus forbairt i réimse truailliú millíní plaisteacha, cláir feasachta a chur chun feidhme, agus cláir oiliúna a mhaoiniú atá ceaptha go sonrath do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga.

Faoin ... [60 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach bliain ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an gcaoi ar úsáideadh an t-ioncam a gineadh ó phionóis an bhliain roimhe sin agus maidir leis an gcaoi ar rannchuidigh úsáid den sórt sin le truailliú millíní plaisteach a laghdú, lena n-áirítear faisnéis faoi na tairbhíthe agus leibhéal an chaiteachais a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír.

Leasú 71

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 lena leasaítear larscríbhinní I go IV, chun an dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíoch a chur san áireamh.

Leasú

Cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 lena leasaítear larscríbhinní I go IVb, chun an dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíoch a chur san áireamh.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) an taithí a fhaightear ó chur chun feidhme na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5;

Leasú

(a) an taithí a fhaightear ó chur chun feidhme na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail **3, 4, 5, 8 agus 9**;

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 17a

Athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus ar fhorbairtí ábhartha ag IMO. Faoin... [8 mbliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], foilseoidh an Coimisiún tuarascáil chuimsitheach ar chur i bhfeidhm foriomlán an Rialacháin sin agus ar a éifeachtacht agus, i gcás inarb iomchuí, tíolacfaidh sé togra reachtach chun an Rialachán sin a leasú.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 17b

Inrianaitheacht

Faoin ...[24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an bhféidearthacht inrianaitheacht cheimiceach millíní plaisteacha a thabhairt isteach. Sa tuarascáil sin, breathnófar an méid a leanas ar a laghad:

(a) an fhéidearthacht theicniúil a bhaineann le síniú ceimiceach uathúil agus indifreálach a thabhairt isteach nach ndéanann dochar don chomhshaol ná do shláinte an duine;

(b) bunachar sonraí de chuid an Aontais de gach síniú ceimiceach a chur ar bun.

I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad mhír.

Leasú 75

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1a) an líon tonaí millíní plaisteacha a láimhseáiltear in aghaidh na bliana;

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) faisnéis a bhaineann le nádúr ceimiceach gach polaiméire atá i millíní plaisteacha ar an láthair, lena n-áirítear faisnéis maidir le hairíonna fisiceimiceacha agus cuibheas guaise;

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Breithneoidh oibreoirí eacnamaíocha na nithe seo a leanas ar a laghad, agus cineál agus méid na suiteála chomh maith le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh:

Cuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na nithe seo a leanas **i bhfeidhm** ar a laghad, agus cineál agus méid na suiteála chomh maith le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh:

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe 7 – mír 2 - pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) Maidir le cosc: séalaí folúis ar pháipéir agus píobair; pacáistíocht atá frithsheasmhach in aghaidh stróiceadh agus tuairte a fhéadann díghrádú i dtimpeallachtaí uisceacha a sheasamh; trealamh chun pointí ceangail slána a chruthú agus bacainní tánaisteacha i

(a) Maidir le cosc: séalaí folúis ar pháipéir agus píobair; pacáistíocht atá frithsheasmhach in aghaidh stróiceadh agus tuairte, **uiscedhíonach, séalaithe agus lipéadaithe** a fhéadann díghrádú i dtimpeallachtaí **garbha** uisceacha a sheasamh; trealamh chun pointí ceangail

bhfeidhm; córais luchtaithe arna ndearadh chun a áirithiú gur féidir línte aistrithe a fholmhú go hiomlán tar éis luchtú agus díluchtú; coimeádáin shéalaithe nó sadhlanna seachtracha chun millíní a stóráil; córais iompair uathobrithe le haghaidh millíní;

slána a chruthú agus bacainní tánaisteacha i bhfeidhm; córais luchtaithe arna ndearadh chun a áirithiú gur féidir línte aistrithe a fholmhú go hiomlán tar éis luchtú agus díluchtú; Coimeádáin **thurraingfhriotaíocha, uiscédhíonacha**, shéalaithe **agus lipéadaithe** nó sadhlanna seachtracha chun millíní a stóráil; córais iompair uathobrithe le haghaidh millíní, **scagairí chun leathadh deannaigh millíní san aer agus ar an láthair a chosc**;

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe 7 – mír 2 - pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) Maidir le himshrianadh: feistí gabhála lonnaithe feadh imeall seachtrach limistéar luchtaithe agus díluchtaithe; folúsghlantóirí tionsclaíocha agus uirlisí láimhe le haghaidh glantachán láithreach; cumhdaigh draenach inmheánaí agus seachtraí, córais draenála múnlaigh stoirme nó córais scagacháin chun bainistíocht a dhéanamh ar thuilte nó teagmhais stoirme is féidir a thuar go réasúnta; córas cóireála séarachais;

Leasú

(b) Maidir le himshrianadh: **tráidirí doirte agus** feistí gabhála lonnaithe feadh imeall seachtrach limistéar luchtaithe agus díluchtaithe; **umair choinneála laistigh den talamh ar a bhfuil grátaí cruach faoi bhun teophointí doirte amhail pointí aistrithe**; folúsghlantóirí tionsclaíocha agus uirlisí láimhe le haghaidh glantachán láithreach; cumhdaigh draenach **laistigh agus lasmuigh ar gach draein a bhfuil mogallmhéid níos lú acu ná na millíní plaisteacha is lú a láimhseáiltear ar an láthair**, córais draenála múnlaigh stoirme nó córais scagacháin chun bainistíocht a dhéanamh ar thuilte nó teagmhais stoirme is féidir a thuar go réasúnta; córas cóireála séarachais;

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe 7 – mír 2 - pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) Maidir le glantachán: folúsghlantóirí tionsclaíocha le haghaidh úsáid inmheánach agus sheachtrach; coimeádáin iomchuí thiomnaithe le haghaidh millíní aisghafa agus iad cumhdaithe, lipéadaithe agus slánaithe chun tuilleadh doirtí agus cailteanas a chosc; uirlisí láimhe (e.g., scuaba, sluasaidín agus scauibín, buicéid, téipeanna deisithe); málaí bailithe treisithe.

Leasú

(c) Maidir le glantachán: folúsghlantóirí tionsclaíocha le haghaidh úsáid inmheánach agus sheachtrach; coimeádáin iomchuí thiomnaithe le haghaidh millíní aisghafa agus iad ***turraingfhriotaíoch, uiscdhíonach, séalaithe***, lipéadaithe agus slánaithe chun tuilleadh doirtí agus cailteanas a chosc; uirlisí láimhe (e.g., scuaba, sluasaidín agus scauibín, buicéid, téipeanna deisithe); málaí bailithe treisithe.

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 7 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Beidh díolúintí i ndáil le cineálacha áirithe trealaimh dá dtagraítear sa phointe sin a shuiteáil indeánta d'oibreoírí eacnamaíocha atá in ann údar a thabhairt leis na díolúintí sin chuig na húdaráis inniúla, agus cineál agus méid na suiteála mar aon le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh.

Breithneoidh oibreoírí eacnamaíocha ar micrifhiontair iad na heilimintí a leagtar amach sa phointe seo ar a laghad, agus cineál agus méid na suiteála mar aon le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Breithneoidh oibreoirí eacnamaíocha na nithe seo a leanas ar a laghad, agus cineál agus méid na suiteála chomh maith le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh:

Leasú

Cuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na **bearta** seo a leanas i bhfeidhm ar a laghad, agus cineál agus méid na suiteála chomh maith le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh:

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe 8 – mír 2 - pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) maidir le cosc: teorainneacha ar na méideanna millíní a iompraítear i bpacáistíocht áirithe (e.g. ní mór millíní a bheith pacáistithe agus séalaithe i málaí 25 kg, agus luchtaithe sa chaoi nach troime iad ná 1 tona amháin in aghaidh an phailléid); iniúchadh agus cothabháil thráthrialta ar phacáistíocht, ar choimeádáin agus ar shaoráidí stórála; úsáid tráidirí doirte faoi phointí aistrithe agus le linn luchtú agus díluchtú; nósanna imeachta soiléire um choimeádáin a oscailt, a luchtú, a dhúnadh agus a shéalú ag tús agus deireadh an luchtaithe; tástáil fhisiceach agus faireachán ar éifeachtacht nósanna imeachta um chosc;

Leasú

(a) maidir le cosc: teorainneacha ar na méideanna millíní a iompraítear i bpacáistíocht áirithe (e.g. ní mór millíní a bheith pacáistithe agus séalaithe i bpacáistíocht de 25 kg **atá frithsheasmhach in aghaidh cuimilte agus imbhuailte atá in ann díghrádú i dtimpeallachtaí uisceacha a sheasamh**, agus luchtaithe sa chaoi nach troime iad ná **1 tona** in aghaidh an phailléid); iniúchadh agus cothabháil thráthrialta ar phacáistíocht, ar choimeádáin agus ar shaoráidí stórála; úsáid tráidirí doirte faoi phointí aistrithe agus le linn luchtú agus díluchtú; nósanna imeachta soiléire um choimeádáin a oscailt, a luchtú, a dhúnadh agus a shéalú ag tús agus deireadh an luchtaithe; tástáil fhisiceach agus faireachán ar éifeachtacht nósanna imeachta um chosc;

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe 8 – mír 2 - pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) maidir le himshrianadh: cigireacht, glantachán agus cothabháil thráthrialta ar fheistí gabhála; cigireacht, glantachán agus cothabháil thráthrialta ar chumhdaigh draenach, ar chórais draenála múnlaigh stoirme nó ar chórais scagacháin; cigireacht agus glantachán tráthrialta ar fheithiclí a fhágann agus/nó a thagann isteach i láithreán, saoráidí uisce amach agus fála feadh imeall na saoráide atá i limistéir phoiblí i gcás inarb infheidhme; ionadú nó deisiú láithreach ar phacáistíocht atá ag ligean tríthi; seiceálacha le haghaidh millíní ar phacáistíocht nó coimeádáin bhriste nó dhiúscartha roimh dhiúscairt nó deisiú; cothabháil ar chóras cóireála séarachais.

Leasú

(b) maidir le himshrianadh: cigireacht, glantachán agus cothabháil thráthrialta ar fheistí gabhála; cigireacht, glantachán agus cothabháil thráthrialta ar chumhdaigh draenach, ar chórais draenála múnlaigh stoirme nó ar chórais scagacháin; cigireacht agus glantachán tráthrialta ar fheithiclí a fhágann agus/nó a thagann isteach i láithreán, saoráidí uisce amach agus fála ar **theorainneacha na suiteála** atá i limistéir phoiblí i gcás inarb infheidhme; ionadú nó deisiú láithreach ar phacáistíocht atá ag ligean tríthi; seiceálacha le haghaidh millíní ar phacáistíocht nó coimeádáin bhriste nó dhiúscartha roimh dhiúscairt nó deisiú; **cigireacht, glantachán agus cothabháil thráthrialta** ar chóras cóireála séarachais;

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe 8 – mír 2 - pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) maidir le glantachán: déantar millíní plaisteacha doirte a ghlanadh suas láithreach chun caillteanais sa chomhshaol a chosc, ar fhoirceannadh na hoibríochta ar a dhéanaí, agus a bhailiú i gcoimeádán ainmnithe. Más féidir, athúsáidtear millíní plaisteacha doirte mar amhábhar chun diomailt a laghdú. Mura féidir millíní

Leasú

(c) maidir le glantachán: déantar millíní plaisteacha doirte a ghlanadh suas láithreach chun caillteanais sa chomhshaol a chosc, ar fhoirceannadh na hoibríochta ar a dhéanaí, agus a bhailiú i gcoimeádán ainmnithe **uiscedhíonach, séalaithe, agus lipéadaithe**. Más féidir, athúsáidtear millíní plaisteacha doirte mar amhábhar

plaisteacha doirte a athúsáid mar amhábhair, aisghabhtar agus diúscaítear iad i gcomhréir le reachtaíocht maidir le dramhaíl.

chun diomailt a laghdú. Mura féidir millíní plaisteacha doirte a athúsáid mar amhábhair, aisghabhtar agus diúscaítear iad i gcomhréir le reachtaíocht maidir le dramhaíl; **mar aon le coimeádáin damáistithe;**

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 8 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Beidh oibreoírí eacnamaíocha in ann díolúintí a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir leis na bearta dá dtagraítear sa phointe sin a dhéanamh, agus cineál agus méid na suiteála chomh maith le scála a cuid oibríochtaí á gcur san áireamh.

Breithneoidh oibreoírí eacnamaíocha ar micrifhiontair iad na heilimintí a leagtar amach sa phointe seo ar a laghad, agus cineál agus méid na suiteála mar aon le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 9 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(9) i dteannta na n-eilimintí dá dtugtar tuairisc i bpointí (1) go (8), i gcás oibreoírí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide nó mhóra iad agus a oibríonn suiteálacha

(9) i dteannta na n-eilimintí dá dtugtar tuairisc i bpointí (1) go (8), déanfaidh oibreoírí eacnamaíocha **nach micrifhiontair iad** na gníomhaíochtaí seo a

inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí níos mó ná 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe seo, déanfaidh siad na bearta seo a leanas freisin:

leanas freisin:

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Maidir le cosc: fforú le linn luchtú agus díluchtú, agus ina ndiaidh, go mbaintear millíní go cuí den taobh amuigh den trealamh iompair sula bhfágfaidh sé an láithreán luchtaithe/díluchtaithe; cumarsáid shoiléir maidir le ceanglais stuála; aon sceitheadh a chosc, lena n-áirítear sceitheadh le linn an aistir iompair, e.g. trí oiriúnacht theicniúil an mhodha iompair agus na gcoimeádán, arna bhforlíonadh, más gá, le séalú iomchuí; a áirithiú go n-úsáidtear cumhdaigh chosanta ar fhorcardaitheoirí/trealamh hiodrálach, mar shampla, chun polladh pacáistíochta a chosc; na hurranna luchtaithe agus na coimeádáin a ghlanadh go tráthrialta chun cailteanas millíní a doirteadh a íoslaghódú; seiceáil súil ar oscailtí agus ar shláine na n-urrann luchtaithe roimh an aistear agus lena linn, a mhéid is féidir, lena n-áirítear sna críochfoirt ilmhódacha, críochfoirt iarnróid, calafoirt intíre agus chósta.

Leasú

(1) Maidir le cosc: fforú le linn luchtú agus díluchtú, agus ina ndiaidh, go mbaintear millíní go cuí den taobh amuigh den trealamh iompair sula bhfágfaidh sé an láithreán luchtaithe/díluchtaithe; **lipéadú** soiléir **infheicthe maidir le ceanglais stuála agus stórála shábháilte**; aon sceitheadh a chosc, lena n-áirítear sceitheadh le linn an aistir iompair, e.g. trí oiriúnacht theicniúil an mhodha iompair agus na gcoimeádán, arna bhforlíonadh, más gá, i bpacáistíocht atá **uiscedhíonach agus frithsheasmhach in aghaidh cuimilte agus imbhualite atá in ann díghrádú i dtimpeallachtaí uisceacha a sheasamh, le séalú iomchuí; tráidirí doirte agus feistí gabhála**; a áirithiú go n-úsáidtear cumhdaigh chosanta ar fhorcardaitheoirí/trealamh hiodrálach, mar shampla, chun polladh pacáistíochta a chosc; na hurranna luchtaithe, coimeádáin **agus leantóirí** a ghlanadh go tráthrialta **agus a sheiceáil an bhfuil siad i ndeabhail** chun cailteanas millíní a doirteadh **a imshrianadh agus** a íoslaghódú; seiceáil ó amharc ar oscailtí agus ar shláine na n-urrann luchtaithe roimh an aistear agus lena linn, a mhéid is féidir, lena n-áirítear sna críochfoirt ilmhódacha, críochfoirt iarnróid, calafoirt intíre agus chósta.

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1a) Beartha breise a bheidh le déanamh agus trealamh is infheidhme go sonrach maidir le hiompar muirí agus iompar ar uiscebhealaí intíre:

(a) léiriú soiléir a thabhairt ar na coimeádáin ina bhfuil millíní plaisteacha;

(b) millíní plaisteacha a stóráil i gcoimeádáin i ndea-bhail agus loirg a sheachaint a d'fhéadfadh málaí agus boscaí a chuimilt agus coimeádáin a stóráil sa bholg seachas ar an deic;

(c) millíní plaisteacha a choimeád agus a ghlanadh, agus cailteanais millíní plaisteacha san uisce a sheachaint a nuair a bheidh an limistéar bordála, deic, boilg nó i gcoimeádán loingseoireachta á ghlanadh.

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2) Maidir le himshrianadh agus glantachán: i gcás inar féidir, pacáistíocht dhamáistithe a dheisiú (e.g. trí bhúmanna, bacainní agus téip) agus na millíní atá fágtha san urrann luchtaithe a

(2) Maidir le himshrianadh agus glantachán: i gcás inar féidir, pacáistíocht dhamáistithe **a athsholáthar nó** a dheisiú (e.g. trí bhúmanna, bacainní agus téip) agus na millíní atá fágtha **sa choimeádán**

imshrianadh; na millíní a doirteadh a bhailiú i gcoimeádáin nó málaí dúnta lena ndiúscairt go cuí; i gcás iompar millíní in ollumair, gan an dúnpholl/cón ag bun an umair sadhlainne a oscailt go dtí go rachaidh sé isteach sa bhá ghlantacháin; gan an líneáil choimeádáin a ionadú ach amháin i limistéir oscailte neamhphoiblí, mar a mbeifear in ann aon doirteadh a imshrianadh; fógra a thabhairt do na húdaráis, amhail údaráis éigeandála idirnáisiúnta agus náisiúnta, nó údaráis chomhshaoil, mar is iomchuí, ón mBallstát inar tharla an teagmhas.

nó san urrann luchtaithe a imshrianadh; na millíní a doirteadh a bhailiú i gcoimeádáin ***uiscedhíonacha atá lipéadaithe agus séalaithe*** lena ndiúscairt go cuí; i gcás iompar millíní in ollumair, ***tráidirí doirte agus feistí gabhála iomchuí a úsáid*** roimh an dúnpholl/cón ag bun an umair sadhlainne a oscailt ach amháin tar éis dul isteach sa bhá ghlantacháin; gan an líneáil choimeádáin a ionadú ach amháin i limistéir oscailte neamhphoiblí, mar a mbeifear in ann aon doirteadh a imshrianadh; fógra a thabhairt do na húdaráis ***láithreach***, amhail údaráis éigeandála idirnáisiúnta agus náisiúnta, nó údaráis chomhshaoil, mar is iomchuí, ón mBallstát inar tharla an teagmhas.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Trealamh ar bord: gaireas laghdaithe iniompartha amháin ar a laghad, uirlisí láimhe (e.g., scuaba, sluasaidín agus scuaibín, buicéid, téipeanna deisithe, etc.); coimeádáin bhailithe dhúnta/málaí bailithe treisithe.

Leasú

(3) Trealamh ar bord: ***gaireas soilsíúcháin*** iniompartha amháin ar a laghad, uirlisí láimhe (e.g. scuaba, sluasaidín agus scuaibín, buicéid, téipeanna deisithe, etc.); coimeádáin bhailithe dhúnta/málaí bailithe treisithe.

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Oiliúint: clár feasachta agus oiliúna a bhunú, bunaithe ar róil agus freagrachtaí sonracha na bhfostaithe, maidir le cosc, imshrianadh agus glantachán caillteanas millíní plaisteacha, maidir leis an tsuiteáil, le húsáid agus cothabháil trealaimh, le nósanna imeachta forghníomhaithe, agus maidir leis an bhfaireachán ar chailteanas millíní plaisteacha agus an tuairisciú orthu;

Leasú 93

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Iarscríbhinn IVa

FOIRM CHUN CAILLTEANAS A RIANÚ

Áit an teagmhais: [Bosca Téacs]

Foirm Rianaithe Caillteanas Millíní

Dáta an Teagmhais: [dáta]

Am an Teagmhais: [am]

Suíomh an Chailteanais:

[] Limistéar Táirgthe:

[] Limistéar Stórála

[] Limistéar Monaraíochta

[] Iompar

Cur síos ar Chailteanas Millíní:

[Bosca Téacs]

Cainníocht mheasta na Millíní Cailte:

[Bosca Téacs]

[Bosca Téacs – cainníocht mheasta na millíní a cailleadh bunaithe ar an modheolaíocht chaighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 13]

An Chúis atá leis an gCailteanas:

[] Mífheidhm Trealamh

[] Earráid Dhaonna

**[] Tosca Comhshaoil nó Aimsire
(Sonraigh): [Bosca Téacs]**

[] Cineál Eile (Sonraigh): [Bosca Téacs]

**Gníomhaíochtaí arna nDéanamh
Láithreach:**

[Bosca Téacs]

Bearta Glantacháin:

[] Scuabadh

[] Folúsú

[] Ábhair Ionsúiteacha

[] Srianadh

[] Diúscairt

Measúnú Tionchair ar an gComhshaol:

[] Éilliú Ithreach

[] Éilliú Uisce

[] Éilliú Cháilíocht an Aeir

[] Tionchar ar an bhFiadhúlra

Faisnéis ó Fhinnéithe (más infheidhme):

Ainm: [Bosca Téacs]

Uimhir Theagmhála [Bosca Téacs]

Seoladh Ríomhphoist [Bosca Téacs]

Tuairisceoir:

Ainm: [Bosca Téacs]

Seasamh: [Bosca Téacs]

Uimhir Theagmhála [Bosca Téacs]

Seoladh Ríomhphoist [Bosca Téacs]

Ceangaltáin (e.g., grianghraif,


tuarascálacha):

[Uaslódáil Chomhaid]

Barúlacha breise: [Bosca Téacs]

Leasú 94

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV b (nua)**

<i>Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún</i>	
<i>Leasú</i>	
Iarscríbhinn IVb	
	<i>Lipéadú le haghaidh millíní plaisteacha</i>
<i>Picteagram</i>	
<i>Focal Comhartha</i>	<i>Contúirt</i>
<i>Ráiteas Guaise</i>	<i>Díobhálach don chomhshaol</i>
<i>Ráiteas Réamhchúraim – Cosc</i>	<i>Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol</i>
<i>Ráiteas Réamhchúraim – Freagairt</i>	<i>Bailigh doirteadh</i>
<i>Ráiteas Réamhchúraim – Diúscairt</i>	<i>Athúsáid mar amhábhhar, athchúrsáil nó diúscairt ábhair..</i>
	<i>... de réir dlí áitiúil/réigiúnach/ náisiúnta/idirnáisiúnta (le sonrú).</i>